Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

# Comhairleoir Gnó Cúnta / Oifigeach Forbartha Geilleagraí

# Eolas d'Iarrthóirí

# Deireadh Fómhair 2025

## 1. An Post

Tá an Chomhairle ar lorg iarratas ó iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí agus taithí ábhartha acu fá choinne post mar Chomhairleoir Gnó Cúnta/Oifigeach Tionscadail AE/Oifigeach Forbartha Geilleagraí.

Tá sé i gceist ag an Chomhairle painéal d'iarrthóirí cáilithe óna líonfaidh sí folúntais bhuana agus shealadach araon le linn saolré an phainéil

Is é Oifig Fiontair Áitiúil Dhún na nGall (OFÁ) an chéad stad do ghnó beag ar bith atá ag iarraidh tosú nó fás ar fud na tíre. Is é fís an OFÁ ná éiceachóras fiontraíochta dearfach a fhorbairt agus a chothú ar leibhéal áitiúil ar fud na tíre a spreagfaidh gnóthaí breisluacha nua, a éascóidh forbairt níos mó do mhicreaghnóthaí agus do ghnóthaí beaga, agus a neartóidh geilleagair áitiúla.

Is ball lárnach den chroí-fhoireann é an post mar Chomhairleoir Gnó Cúnta taobh istigh den Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ), agus spreagann forbairt agus soláthar réimse gníomhaíochtaí agus clár comhtháite a spreagann fiontraíocht agus a mhéadaíonn líon na ngnóthaí nua, chomh maith le gnóthaí beaga agus micreagnóthaí a fhorbairt trí réimse tacaíochtaí atá dírithe ar chuidiú le gnóthaí beaga nuálaíocht a thabhairt isteach, claochlú digiteach a chur i bhfeidhm, glacadh le cleachtais atá níos neamhdhíobhálaí don timpeallacht, dul i mbun easpórtála den chéad uair agus cuspóirí forbartha uaillmhianacha a bhaint amach. Is ról lárnach é seo a éilíonn ar an iarrthóir rathúil oibriú go díreach le cliaint lárnacha an OFÁ le bainistíocht próiseas gnó a fheabhsú, nuálaíocht a thabhairt isteach a rachaidh i bhfeidhm ar thorthaí, feidhmíocht a fheabhsú agus cuidiú le gnóthaí nua agus beaga ar fud an chontae fás agus fostaíocht a chruthú.

Maireann Rannóg Forbartha Geilleagraí Chomhairle Contae Dhún na nGall taobh le hOifig Fiontair Áitiúil Dhún na nGall agus oibríonn sé le forbairt geilleagraí a chur chun cinn agus a éascú trí réimse idirghabhálacha straitéiseacha comhoibríocha lena n-áirítear réitigh mhaoine, maoiniú straitéiseach, rannpháirtíocht leis an diaspóra agus líonrú, tionscnaimh bhrandála áite agus margaíochta, idirghabhálacha earnála m.sh. an geilleagar gorm, fuinneamh in-athnuaite, turasóireacht agus teicneolaíocht, chomh maith le tionscnaimh straitéiseacha trasteorann agus idir-réigiúnacha. Is ball lárnach den bhunfhoireann í an phost mar Oifigeach Forbartha Geilleagraí taobh istigh de Rannóg Forbartha Geilleagraí na Comhairle.

## 2. Róil, Dualgais & Freagrachtaí

Déanfaidh an Comhairleoir Gnó Cúnta / an tOifigeach Forbartha Geilleagraí na dualgais sin a shanntar dó ó am go chéile, a mbeidh baint acu le héascú, cur i bhfeidhm agus cur chun cinn bheartais agus cuspóirí Chomhairle Contae Dhún na nGall le forbairt na hOifige Fiontair Áitiúil agus an Rannóg Forbartha Geilleagraí a chur chun cinn, agus go háirithe na haidhmeanna agus cuspóirí mar atá leagtha amach i bPlean Forbartha Fiontair Áitiúil an OFÁ, i bPlean Straitéiseach Forbartha Fiontraíochta Dhún na nGall 2030 agus i bPlean Forbartha Geilleagraí agus Pobail Áitiúil Dhún na nGall.

Beidh an Comhairleoir Gnó Cúnta / an tOifigeach Forbartha Geilleagraí ag tuairisciú do Cheannaire na hOifige Fiontair Áitiúil / don Cheannaire Forbartha Geilleagraí, nó d'oifigeach eile de réir mar a cheapfaidh nó a threoróidh bainistíocht na Comhairle.

Áireofar ar na dualgais, ach ní bheidh siad teoranta don méid seo a leanas:

- Soláthar comhairle agus treorach gnó duine le duine do dhuine ar bith atá ag smaoineamh ar ghnó a bhunú nó do ghnó ar bith atá ann cheana i nDún na nGall. Áireofar leis seo cur i láthair míosúil a dhéanamh maidir leis na tacaíochtaí atá ar fáil tríd an Oifig Fiontair Áitiúil.
- Dul i dteagmháil go réamhghníomhach le gnóthaí áitiúla, go háirithe cliaint phunann na hOifige Fiontair Áitiúil — comhairle a chur ar fáil, a bpleananna agus a straitéisí a luacháil, gníomhartha a mholadh agus páirt a ghlacadh i gcruinnithe athbhreithnithe rialta.
- Luacháil agus próiseáil a dhéanamh ar iarratais ar dheontais. Áireofar leis seo bualadh le cliaint, measúnú a dhéanamh ar a n-iarratais, measúnuithe scríofa a ullmhú, na measúnuithe sin a chur i láthair don Choiste Measúnaithe, agus maoirseacht agus bainistíocht a dhéanamh ar an phróiseas tarraingt anuas deontais ina dhiaidh sin do thionscadail cheadaithe agus ar athbhreithniú dul chun cinn na gcliant.
- Forbairt agus cuidiú le bainistiú soláthar clár oiliúna agus forbairt bainistíochta nua agus reatha mar fhreagairt ar riachtanais gnóthaí beaga, lena n-áirítear ullmhú sonraíochtaí clár, próiseáil tairiscintí/meastachán, earcú agus rannpháirtíocht cliant, a chinntiú go ndéantar taifead ar na haschuir agus ar na táirgí insoláthartha uile, agus na buiséid leithdháilte a bhainistiú.
- Forbairt agus cuidiú le soláthar clár ar leith de chuid an Aontais Eorpaigh, earnálacha agus cohórt, m.sh. bia, na tionscail chruthaitheacha, fiontraíocht na mban, fiontraíocht na hóige, EEN agus GIFT.
- Cuidiú le soláthar Chlár Meantóireachta na hOifige Fiontair Áitiúil – dul i dteagmháil le cliaint, measúnú a dhéanamh ar a riachtanais, dul

i gcomhairle meantóirí, an painéal meantóirí a bhainistiú, an buiséad a bhainistiú agus a chinntiú go ndéantar taifead iomlán ar na haschuir agus ar na táirgí insoláthartha.

- Soláthar an Chláir Fiontraíochta do Scoileanna Dara Leibhéil ar bhonn bliantúil, lena n-áirítear taifead ar gach aschur agus toradh.
- Cur le hábhar agus le soláthar imeachtaí amhail Seachtain Fiontraíochta Áitiúil, Dámhachtainí Gnó agus imeachtaí píolótacha eile, idir imeachtaí inmheánacha agus seachtracha don Oifig Fiontair Áitiúil.
- Cuidiú le soláthar clár agus tacaíochtaí náisiúnta amhail an Clár Fiontraíochta do Mhic Léinn, Dearbháin Trádála Ar Líne, LEAN for Micro, Green for Micro agus Digital Start
- Cuidiú le tionscnaimh nua a dearadh le tacú le micreaghnóthaí chun feidhmíocht agus iomaíochas a fheabhsú, lena n-áirítear cláir amhail an Claochlú Digiteach agus an tionscnamh Glas, a chuideoidh le hacmhainneacht a fhorbairt.
- Dul i dteagmháil le comhlachtaí punainne atá ag fis, le tacú leo a n-acmhainn iomlán a bhaint amach agus a sciar den mhargadh a mhéadú trí úsáid iomlán a bhaint as na tacaíochtaí uile atá ar fáil tríd an OFÁ.
- Tionscnaimh a fhorbairt agus a shainaithint a chuideoidh le cliaint an OFÁ lena ngníomhaíochtaí easpórtála, agus comhoibriú lena chinntiú go ndírítear cliaint ar an tacaíocht is oiriúnaí dá gcéim easpórtála agus go bhfuil rochtain acu uirthi.
- Cliaint OLE a spreagadh agus tacú leo infheistíocht a dhéanamh in T&F agus tús a chur le próiseas RD&I a ghlacadh isteach ina gcuid gníomhaíochtaí tráchtála.
- Cuidiú le soláthar agus tacaíocht fheidhmiúcháin a chur ar fáil do chur i bhfeidhm Phlean Forbartha Fiontraíochta Straitéisí 10 mBliana Dhún na nGall agus do sholáthar Phlean Forbartha Fiontraíochta Áitiúil an OfÁ.
- Cur le feachtas feasachta leanúnach na hOifige Fiontair Áitiúil agus oibriú le gníomhaire soláthartha ar bith atá ceaptha leis an aidhm sin a bhaint amach.
- Cuidiú le forbairt, acmhainní agus soláthar tionscnamh agus clár nua san Oifig Fiontair Áitiúil mar thacaíocht d'fhorbairt fiontraíochta agus gheilleagrach i nDún na nGall.
- Rannpháirtíocht i gcláir trasteorann agus AE de réir mar a éilíonn an Ceannaire Fiontraíochta.
- Nuálaíocht agus feabhsú leanúnach a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm i bpróisis agus i gcláir na hOifige Fiontair Áitiúil.
- Cur le soláthar na tionscnamh náisiúnta taobh istigh den Líonra Fiontair Áitiúil agus páirt a ghlacadh ar choistí náisiúnta.

- Ionadaíocht a dhéanamh d’Oifig Fiontair Áitiúil Dhún na nGall agus ghnóthaí Dhún na nGall lena tuairimí a chur in iúl ag cruinnithe le páirtithe leasmhara go réigiúnach agus go náisiúnta.
- Príomhchuspóirí agus gníomhaíochtaí gaolmhara an Phlean Soláthartha Seirbhíse Bliantúil (ASDP) don tSeirbhís a chur i bhfeidhm agus a luacháil.
- Monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar spriocanna, buiséid agus príomhtháscairí feidhmíochta eile ar bhonn ráithiúil.
- Oibriú go comhoibríoch, go hinmheánach trasna ar sheirbhísí an Chomhairle agus go seachtrach le heagraíochtaí comhpháirtíochta, lena n-áirítear comhpháirtithe trasteorann, le réimse tionscnamh forbartha geilleagraí nuálach agus deiseanna a sholáthar;
- Oibriú le príomhréimsí earnálacha agus cnuasghrúpaí sa chontae a fhorbairt amhail Teicneolaíocht, an Geilleagar Gorm agus Turasóireacht i gcomhar le gach príomhpháirtí leasmhar;
- Coistí Comhairle a thabhairt le chéile agus tacú leo lena n-áirítear an Coiste Beartais Straitéisigh ábhartha, na Coistí Talmhaíochta agus Iascaigh agus, de réir mar is gá ó am go chéile, páirt a ghlacadh ar choistí eile de chuid na Comhairle lena n-áirítear na Ceantair Bhardasacha agus an Chomhairle Iomlánach;
- Oibriú le punann réitigh mhaoine na Comhairle a fhorbairt d’fhonn tacú le forbairt gheilleagrach agus le jabchruthúchán;
- Comhoibriú le príomhghníomhaireachtaí forbartha agus le comhpháirtithe, lena n-áirítear comhpháirtithe trasteorann, le Dún na nGall agus Réigiún an Iarthuaiscirt a chur chun cinn go héifeachtach mar shuíomh den scoth maidir le hinfheistíocht agus forbairt ghnó;
- Branda áite Dhún na nGall a ghníomhachtú, lena n-áirítear cur i bhfeidhm straitéise margaíochta agus cumarsáide chomhtháite, le clú Dhún na nGall a fhorbairt mar áit iontach le cónaí inti, oibriú inti, infheistiú inti agus le cuairt a thabhairt uirthi;
- Oibriú le pobal domhanda Dún na nGall chun naisc leis an diaspóra a dhaingniú agus a neartú le deiseanna forbartha sóisialta, cultúrtha agus geilleagraí fheabhsú;
- Oibriú le príomhchomhpháirtithe le straitéisí reatha agus éiritheacha a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú go leanúnach;
- Eolas a dhéanamh do bheartais agus straitéisí ábhartha, ag cinntiú go gcloítear le beartais agus straitéisí an AE, beartais agus straitéisí náisiúnta, réigiúnach agus rialtais áitiúil le deiseanna forbartha geilleagraí agus jabchruthúcháin don chontae agus don réigiún a uasmhéadú;
- Cistí agus deontais a riar agus comhlíonadh iomlán leis na rialacháin agus na hoibleagáidí riachtanacha uile a chinntiú;
- Cuidiú le hullmhú agus forbairt iarratas maoinithe chuig comhlachtaí maoinithe seachtracha, lena n-áirítear cláir mhaoinithe AE agus

náisiúnta, le maoiniú a fháil do thionscadail agus tionscnamh tosaíochta;

- Tabhairt faoi **dhualgas ar bith eile** de réir mar a shannfadh Ceannaire na hOifige Fiontair Áitiúil / Ceannaire Forbartha Geilleagraí ó am go chéile;
- Comhlíontacht le gach riachtanas tuairiscithe maidir le hairgeadas, bainistíocht agus rialachas an Údaráis Áitiúil agus na hOifige Fiontair Áitiúil a chinntiú;
- Sonraí ábhartha a bhailiú, a chothabháil agus a nuashonrú.

**3. Cáilíochtaí agus Riachtanais an Phoist**

Tá an post Comhairleoir Gnó Cúnta / Oifigeach Forbartha Geilleagraí ar aon dul le grad an Oifigigh Foirne. Tá sé dearbhaithe ag an Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta go mbeidh na cáilíochtaí don phost mar Oifigeach Foirne mar atá leagtha amach thíos:

**(a) Carachtar**

Beidh dea-cháil ar na hIarrthóirí.

**(b) Sláinte**

Beidh sláinte ag iarrthóirí a thabharfadh le fios go bhfuil siad ábalta seirbhís rialta, éifeachtach a chur ar fáil.

Beidh ar iarrthóirí ar éirigh leo sa phróiseas earcaíochta dul faoi scrúdú leighis a dhéanfaidh Comhairleoir Sláinte Ceirde na Comhairle roimh cheapachán.

**(c) Oideachas, Oiliúnt, Taithí, Etc**

Ní mór do gach iarrthóir na cáilíochtaí agus taithí seo a leanas a bheidh acu faoin dáta deiridh a nglacfar le foirmeacha iarratais chomhlánaithe:

(i) (a) grád D ar a laghad (nó Pas), ag leibhéal Ardteistiméireachta Ghnáthleibhéil nó Ardleibhéil, i gcúig ábhar (nó ceithre cinn má tá an Ghaeilge san áireamh) ó liosta faofa na n-ábhar i Scrúdú Bunaithe Ardteistiméireachta na Roinne Oideachais nó i nGairmchlár na hArdteistiméireachta, lena n-áirítear an Ghaeilge agus/nó an Béarla agus ceann amháin díobh seo a leanas: Matamaitic, Cuntasaíocht, Eagrú Gnó nó Eacnamaíocht, **AGUS**

(b) grád C ar a laghad (nó Onóracha) bainte amach acu i bpáipéir Ardleibhéil (nó Onóracha) i dtrí ábhar sa scrúdú sin (nó in dhá ábhar má tá an Ghaeilge agus/nó ceann díobh seo a leanas san áireamh: Matamaitic, Cuntasaíocht, Eagrú Gnó nó Eacnamaíocht), **NÓ**

(ii) caighdeán inchurtha leis sin bainte amach acu i scrúdú comhionann, **NÓ**
(iii) cáilíocht tríú leibhéil ag leibhéal bunchéime ar a laghad.

**(d) Scileanna Inmhianaithe**

- Taithí ar obair leis an earnáil ghnó nó mar chuid de agus tuiscint mhaith ar na saincheisteanna, na dúshláin agus na deiseanna atá roimh an earnáil.
- Is riachtanach scileanna agus taithí láidre eagraíochta agus bainistíochta tionscadail agus cumas follasach réimse ilthionscadal agus tosaíochtaí comhsháraitheacha a bhainistiú ag an am céanna chun spriocdhátaí dúshlánacha dochta a bhaint amach.
- Is riachtanach an cumas le dul i bhfeidhm ar pháirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtrachas chomh maith le comhoibriú leo agus caidreamh a bhunú leo chun leas na gcliant.
- Scileanna litearthachta airgeadais le measúnú agus athbhreithniú a dhéanamh ar mholtaí tionscadail le haghaidh cuidiú airgeadais agus tacaíochtaí eile, lena n-áirítear dícheall cuí a dhéanamh ar iarratais mhaoinithe.
- Is riachtanach **sárscileanna cumarsáide agus tuairisceoireachta gnó scríofa** le fianaise fhollasach ar chumas láidir **TF** (m.sh. scileanna MS Office lena n-áirítear Outlook, Word, Excel agus PowerPoint)
- Cumais taighde den scoth, scileanna anailíse, scríbhneoireachta agus cur i láthair.
- Eolas, tuiscint agus léargas ar na príomh-earnálacha forbartha gnó agus ar na catagóirí cliant ina n-oibríonn na OFÁnna agus an cumas leis an eolas sin a aistriú ina thacaíochtaí agus ina thionscnaimh chun tionchair agus torthaí gnó éifeachtacha a bhaint amach.

**Tuiscint ar na riachtanais chomhlíontachta agus rialachais** a bhaineann le maoiniú tríd an OFÁ.

- Cumas a dtuiscint ar phrionsabail an fhorbartha geilleagraí go ginearálta agus, go sonrach, ar ról na Rialtais Áitiúil i gcur chun cinn an fhorbartha eacnamaíche a léiriú ar chaighdeán cuí;
- Cumas a dtuiscint ar na dúshláin agus na deiseanna (Idirnáisiúnta, Náisiúnta agus Áitiúla) atá roimh ghnóthaí i nDún na nGall a léiriú;
- Cumas le cur chuige agus ar mheon forbartha maith a léiriú le taithí shásúil ar chomhpháirtíochtaí éifeachtacha a fhorbairt agus a chothabháil agus ar dul i dteagmháil le páirtithe leasmhara éagsúla agus dul i bhfeidhm orthu;
- Taithí shásúil ar thascanna a sholáthar ar dhóigh nuálach agus cruthaitheach;
- Taithí mhaith ar mhargaíocht, cumarsáid agus forbairt bhranda;
- Taithí shásúil maidir le heolas a dhéanamh do bheartas agus straitéis.
- Scileanna eagraíochta maithe, cumas le tascanna a chur in ord tosaíochta agus oibriú de réir sceideal docht.
- Scileanna idirphearsanta agus cumarsáide maithe lena n-áirítear scileanna maithe tuairiscithe agus cur i láthair;
- Tuiscint ar chórais agus ar nósanna imeachta airgeadais, lena n-áirítear bainistíocht bhuiséid chomh maith le deiseanna maoinithe;

- Taithí riaracháin mhaith.
- Tuiscint ar róil agus dualgais bhainisteoirí maidir le bainistíocht sábháilteachta san áit oibre;
- Eolas agus feasacht mhaith ar reachtaíocht agus rialacháin Sláinte & Sábháilteachta, ar a n-impleachtaí don eagraíocht agus don fhostaí, agus ar a gcur bhfeidhm san ionad oibre;
- Taithí ar bhaill foirne a mhaoirsiú agus a bhainistiú.

## (e) Core Competencies

| Bainistíocht agus Athrú | |
|---|---|
| **Cumas Straitéiseach** | • Léiríonn sé/sí an cumas le smaoineamh ar dhóigh straitéiseach<br>• Léiríonn sé/sí an cumas an misean agus an fhís a aistriú go pleananna oibríochtúla agus torthaí praiticiúla ar dhóigh éifeachtach. |
| **Líonrú agus Ionadaíocht a Dhéanamh** | • Léiríonn sé/sí an cumas caidrimh dhearfacha agus thairbhiúla a fhorbairt agus a chothabháil le lucht leasa ábhartha.<br>• Léiríonn sé/sí an cumas dul i dteagmháil le gnóthaí agus le príomhpháirtithe leasmhara ar dhóigh dhearfach.<br>• Léiríonn sé/sí an cumas íomhá agus próifíl dhearfach an údaráis áitiúil a chothú. |
| **Torthaí a Sholáthar** | |
| **Réiteach Fadhbanna agus Cinnteoireacht** | • Léiríonn sé/sí an cumas gníomhú go deimhneach agus cinntí tráthúla, eolacha agus éifeachtacha a dhéanamh.<br>• Léiríonn sé/sí an cumas oibriú mar chuid de fhoireann chun fadhbanna a réiteach. |
| **Pleanáil Oibríochtúil** | • Léiríonn sé/sí an cumas cur le pleananna oibríochtúla agus pleananna foirne a fhorbairt de réir thosaíochtaí agus ghníomhaíochtaí a réimse oibríochta, agus aird ar spriocanna corparáideacha, cuspóirí oibríochtúla agus acmhainní ar fáil.<br>• Léiríonn sé/sí an cumas le seirbhís agus cúram do chustaiméirí ar ardcháilíocht a bhunú.<br>• Léiríonn sé/sí an cumas seirbhísí a sholáthar go tráthúil agus go héifeachtach. |
| **Cumarsáid Éifeachtach** | • Léiríonn sé/sí an cumas le cumarsáid éifeachtach a dhéanamh.<br>• Léiríonn sé/sí scileanna cumarsáide béil agus scríofa éifeachtacha.<br>• Léiríonn sé/sí scileanna idirphearsanta maithe. |
| **Éifeachtacht Phearsanta** | |
| **Spreagadh Pearsanta Treallús agus Gaiscí** | • Tá sé/sí díograiseach faoin ról agus bíonn sé/sí spreagtha in ainneoin deacrachtaí agus constaicí;<br>• Déanann sé/sí níos mó ná an méid nó na rudaí a bhfuiltear ag súil leo, bíonn sé/sí ag súil le cásanna agus gníomhaíonn sé/sí le fadhbanna a sheachaint.<br>• Cruthaíonn sé/sí deiseanna nua. |
| **Teacht Aniar agus Folláine Phearsanta** | • Léiríonn sé/sí féinmhuinín chuí dhearfach.<br>• Oibríonn sé/sí go héifeachtach i dtimpeallacht ina bhfuil go leor castachtaí agus luas suntasach. |
| **Eolas agus Tuiscint ar an Ról / Ról an Rialtais Áitiúil** | |

| | |
|---|---|
| **Eolas agus Tuiscint ar an Ról** | • Léiríonn sé/sí tuiscint ar ról an rialtais áitiúil, go háirithe i gcomhthéacs tacaíochta don fhiontraíocht agus d'fhorbairt gheilleagrach.<br>• Léiríonn sé/sí tuiscint ar na dúshláin agus ar na riachtanais atá ag Dún na nGall agus ag an réigiún níos leithne, lena n-áirítear fiontair bheaga agus micreaghnóthais.<br>• Léiríonn sé/sí eolas agus tuiscint ar na beartais, na struchtúir agus na tacaíochtaí d'fhiontair bheaga agus do micreaghnóthais. |

## 4. Mionsonraí an Phoist

### (a) Ginearálta

Tá beartaithe ag Comhairle Contae Dhún na nGall painéal d'iarrasóirí cáilithe a chruthú faoi choinne post mar Chomhairleoir Gnó Cúnta / Oifigeach Forbartha Geilleagraí as a líonfaidh sé fholúntas ar bith a thiocfadh chun cinn.

### (b) Promhadh

Beidh na hiarrthóirí a cheapfar ar promhadh ar feadh tréimhse ama, a shocróidh an Chomhairle. D'fhéadfadh sé go ndéanfaí an tréimhse seo a shíneadh, cinneadh a bheas faoi rogha na Comhairle.

### (c) Luach Saothair

Is é seo an páscála bliantúil reatha: íosmhéid de €51,722 (pointe 1) go dtí uasmhéid de LSI2 €61,865. (LSI 2) (de réir chiorclán EL 07/2025).

Íocfar na sealbhóirí poist ag an phointe chuí ar an scála tuarastail atá ag teacht le Ciorclán na Roinne.
Tosóidh iontrálaithe úra ag an íosphointe ar an scála.

### (d) Bunáit

Beidh an post Comhairleoir Gnó Cúnta/Oifigeach Forbartha Geilleagraí lonnaithe san Oifig Fiontair Áitiúil, Ionad Gnó an Chíste Fiontair, An Baile Raithin, Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall.

D'fhéadfadh sé go mbeadh roinnt taistil i gceist le ról an Chomhairleora Gnó Cúnta/Oifigigh Forbartha Geilleagraí, agus go mbeadh fanacht thar oíche i gceist le roinnt turas agus clúdófar na costais bhainteacha le liúntais iomchuí.

### (e) Cónaí

Beidh na daoine a cheapfar ina gcónaí sa cheantar ina mbeidh na dualgais le feidhmiú nó faoi fhad réasúnta de.

### (f) Uaireanta Oibre / Saoire Bhliantúil

35 uair an chlog sa tseachtain na gnáthuaireanta oibre a bheidh ag an té a cheapfar. Beidh sé de cheart ag an Chomhairle na huaireanta oibre a athrú ó am go chéile.

Beidh liúntas saoire bhliantúla uasmhéid 30 lá do gach iarrthóir.

**(g) Riachtanas Tiomána**
Beidh ar Iarrthóir:
(a) ceadúnas Tiomána chatagóir B iomlán a bheith acu.
(b) a bhfeithicil féin a bheith acu lena úsáid le linn a gcuid dualgas agus is le liúntais chuí a chlúdófar na costais bhainteacha.

**(h) Riachtanais Saoránachta**
Ní mór d'iarrthóirí incháilithe a bheith, ar an dáta is déanaí lena nglacfar le foirmeacha iarratais comhlánaithe;(a) Ina S(h)aoránach de chuid Limistéar Eacnamaíoch na hEorpa (EEA). Cuimsíonn an EEA na Ballstáit den Aontas Eorpach, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó(b) Ina S(h)aoránach de chuid na Ríochta Aontaithe (RA); nó(c) Ina S(h)aoránach de chuid na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó(d) Ina S(h)aoránach neamh-EEA ar céile nó leanbh de shaoránach EEA, RA nó Eilvéiseach é/í agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici; nó(e) Ina d(h)uine ar bronnadh cosaint idirnáisiúnta air/uirthi faoin Acht Cosanta Idirnáisiúnta 2015 nó aon bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici; nó(f) Ina S(h)aoránach neamh-EEA ar tuismitheoir leanaí cleithiúnaí é/í atá ina s(h)aoránach de chuid, agus ina c(h)ónaí i mBallstát de chuid an EEA nó san RA nó san Eilvéis agus a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici.

**(i) Coinbhleachtaí Leasa**
Ní ghabhfaidh sealbhóir an phoist d'aon slí bheatha shochrach, seachas mar fhostaí de chuid údarás áitiúil, a mhéid a dhéanfadh dochar do chomhlíonadh a dhualgas nó a dualgas mar fhostaí d'údarás áitiúil nó d'aon slí bheatha a d'fhéadfadh a bheith ar neamhréir le leasanna an údaráis áitiúil nó a d'fhéadfadh a bheith ar neamhréir le comhlíonadh a dhualgas mar fhostaí de chuid údaráis áitiúil.

**(j) Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána**
D'fhéadfadh iarrthóirí don phost mar Chomhairleoir Gnó Cúnta/Oifigeach Forbartha Geilleagraí faoi réir Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. Tabhair faoi deara, má tá sé riachtanach, gcaithfidh gach iarrthóir Nochtadh Grinnfhiosrúcháin sásúil ón Gharda Síochána a fháil roimh cheapachán, seachas sin, tarraingeofar siar an tairiscint fostaíochta.

Sa chás go léiríonn Nochtadh Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána go bhfuil cás ar feitheamh, ní fhéadfar leanúint ar aghaidh leis an cheapachán ag an am sin agus tarraingeofar siar an tairiscint fostaíochta. Coinneofar an t-iarrthóir, ar an phainéal, áfach, agus beidh sé á mheas don chéad fholúntas eile, má thagann a leithéid chun cinn le linn saolré an phainéil.

## 5. Próiseas Earaíochta

### A. Foirm Iarratais

- Caithfear iarratais a chur isteach ar **an fhoirm iarratais oifigiúil ar líne** agus caithfear gach cuid den fhoirm a chomhlánú.
- Ná cuir CV isteach le d'iarratas. Ní bhreithneofar ach ar an eolas ar **an fhoirm iarratais ar líne**, nuair a bheidh oiriúnacht iarratasóra maidir leis an phost á meas.
- Caithfidh iarratais a bheith faighte againn faoin spriocdháta mar atá luaite ar an fhoirm iarratais.
- Ní dhéanfar aon iarratais atá mall, caillte nó a bhfuil moill leo, a mheas ach amháin más féidir fianaise oifigiúil a chur ar fáil a léiríonn gur seoladh an t-iarratas laistigh den achar ama.

### B.Gearrliostú

Is féidir iarrthóirí a ghearrliostú faoi choinne agallaimh ar bhonn an eolais a chuirtear ar fáil. Sa chás go mbeidh gá le beart gearrliostaithe, tionólfar Painéal saineolaithe leis na foirmeacha iarratais a scrúdú agus a mheas de réir critéir réamhshocraithe, bunaithe ar riachtanais an phoist. Mar sin de, bheadh sé le do leas cuntas mion, beacht a thabhairt ar do cháilíochtaí agus ar do thaithí ar an fhoirm iarratais.

Má mheastar, mar gheall ar líon agus caighdeán na n-iarratas a gheofar, gur réasúnach gan gach iarrthóir a chur faoi agallamh, ní ghlaofar chun agallaimh ach daoine ar dócha go ngnóthódh siad caighdeán ar leor é chun iad a roghnú agus a mholadh faoi choinne ceapacháin.

### C. Ceart ar Fhaisnéis agus Athbhreithniú - # ABA/EDO 001

Tá an Chomhairle tiomanta d'aiseolas agus faisnéis a thabhairt d'iarrthóirí. Mas mian le hiarrthóir ar bith é, is feidir leo iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar aon chinneadh nó at an phróiseas féin. Caithfear a leithéid d'iarratas a chur isteach i scríbhinn, ag lua an uimhir thagartha thuas, ag cur in iúl na cúise atá leis an iarratas agus caithfear é seo a chur faoi bhráid na Rannóige Acmhainní Daonna, Ionad na dTrí Abhainn, Leifear, Co. Dhún na nGall laistigh de chúig lá oibre ón dáta ar tugadh fógra faoi chinneadh ábhartha.

### D. Rúndacht

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, is faoi rúndacht dhocht a phléifear le hiarratais.

**E. Eile**
Tá ceapacháin na Comhairle faoi réir seiceálacha sásúla maidir le teistiméireachtaí, cáilíochtaí, scrúduithe leighis agus Grinnscrúdú Garda, mar is cuí.

**F. Cúis Dícháilithe í an Chanbhasáil**
Dícháileofar iarrthóir ar an toirt ón phróiseás earcaíochta a dhéanann iarracht (nó a ndéanann duine iarracht ar a s[h]on) oifigeach de chuid na Comhairle (nó duine a ainmníonn sí le hagallamh a chur ar iarrthóirí nó iad a scrúdú) a chanbhasáil nó tionchar a imirt air/uirthi ar son an iarratasóra, go díreach nó go hindíreach, bíodh sé i bhfoirm cumarsáid scríofa nó eile.

**G. An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí**
Tá Comhairle Contae Dhún na nGall meáite ar do chuid sonraí pearsanta a chosaint agus comhlíonaimid ár gcuid oibleagáidí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 – 2018, agus faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

- An Bunús ar a bPróiseáiltear do chuid Sonraí Pearsanta

Is é an bunús ar a bpróiseáiltear do chuid sonraí pearsanta ná d’fhonn d’iarratas ar an phost dár chuir tú isteach air le Comhairle Contae Dhún na nGall a phróiseáil faoi Théarmaí Acht Fostaíochta (Faisnéis) 1994 agus polasaithe agus gnáthaimh na Rannóige Acmhainní Daonna.

Nuair a fhaighimid d’fhoirm iarratais, cruthaímid taifead ríomhaire faoi d’ainm, ina mbíonn cuid mhaith de na sonraí pearsanta mar atá luaite agat i d’fhoirm iarratais.
Ní úsáidtear an taifead pearsanta seo ach amháin chun d’iarratas a phróiseáil. Tá tú i dteideal, in am ar bith, cóip den fhaisnéis faoi dtaobh díot féin, atá á coinneáil ar taifead againn, a fháil.

- Comhroinnt na Faisnéise

Taobh amuigh den fhoireann earcaíochta iomchuí, ní dhéanfar na sonraí ar d’fhoirm iarratais a chomhroinnt ach d’fhonn an comórtas ar chuir tú isteach air a chur chun cinn in éineacht le Bord gearrliostaithe agus/nó agallaimh ainmnithe.
Más amhlaidh, i ndiaidh an chomórtais, go gcuirtear ar Phainéal thú agus go dtairgtear post duit, beidh na sonraí a chuir tú ar fáil i d’fhoirm iarratais mar chuid den Chomhad Pearsanra s’agat.

Sa bhreis air sin, sa chás go dtairgfí post duit agus go ndearbhófá ina dhiaidh sin gur spéis leat an post, bainfear úsáid as na sonraí ar d’fhoirm iarratais d’fhonn taifid seirbhíse agus teistiméireacht fostaíochta a iarraidh.

- Tréimhse Stórála

Coinneofar d'iarratas go ceann dhá bhliain ó dháta bunaithe an phainéil don phost seo. Déanfar iarratais nach gcuirfear ar aghaidh chuig céim an agallaimh a scriosadh i ndiaidh an chomórtais.

Is féidir teacht ar Ráiteas Príobháideachta Chomhairle Contae Dhún na nGall ag www.donegalcoco.ie